# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010**

# GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

# PÁIPÉAR I

**(220 marc)**

**DÉ LUAIN, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 3.50**

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

**Ceist 1** *agus* **Ceist 2** a fhreagairt.



THALL →

| CEIST 1 | – CEAPADÓIREACHT– | [120 marc] |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

## A – GIOTA LEANÚNACH – (60 marc)

Scríobh **giota leanúnach** (leathleathanach nó mar sin) ar **cheann amháin** de na hábhair seo:

(i) An áit is fearr liom in Éirinn.

(ii) Duine cáiliúil a thaitníonn go mór liom.

(iii) Draíocht an cheoil.

## B – SCÉAL – (60 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh **ceann amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar *thús* leis.

(i) Chonaic mé an liathróid ag teacht i mo threo. D'fhéach mé timpeall orm, ní raibh aon duine in aice liom. Léim mo chroí le háthas …

**nó**

(ii) Bhí brón orm gur thóg mé mo chara liom ar saoire mar bhí sé/sí ag gearán an t-am go léir.

## C – LITIR – (60 marc)

(i) Tá teach ósta nua oscailte ag do thuismitheoirí agus tá post samhraidh ar fáil sa chistin ann. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó/di faoin bpost agus ag moladh dó/di iarratas a chur isteach ar an bpost sin.

**nó**

(ii) Tá tú féin agus do chara ag iarraidh airgead a bhailiú chun seandaoine a thabhairt ar saoire. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig iarscoláire saibhir ó do scoil ag lorg airgid air/uirthi.

## D – COMHRÁ – (60 marc)

(i) Ba mhaith le do rang damhsa mór a chur ar siúl i halla na scoile ag deireadh na bliana. Níl an príomhoide róchinnte faoin smaoineamh. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh idir an bheirt agaibh faoin ábhar sin.

**nó**

(ii) Is maith leat féachaint ar na cláir réaltachta mar **X Factor** ar an teilifís ach is fearr le do chara na cláir spóirt. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh idir an bheirt agaibh faoi sin.

| CEIST 2 | – LÉAMHTHUISCINT – | (100 marc) |
|---|---|---|

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Agus anois an Aimsir …

**1.** Níl duine ar bith againn iomlán cinnte conas mar a bheidh an aimsir amárach. Feirmeoirí, iascairí, daoine ar laethanta saoire, agus duine ar bith a bhíonn ag obair faoin aer, cuireann siad spéis mhór i scéal na haimsire. In Éirinn, gan dabht, is beag lá nach mbíonn báisteach ann. Dá mbeadh an aimsir tirim ar feadh i bhfad, áfach, bheadh plandaí, ainmhithe agus daoine ag fáil bháis den tart, mar a tharlaíonn uaireanta in áiteanna san Afraic. Gan uisce, bheadh an tír seo ina fásach cosúil leis an Sahára.

**2.** Deirtear go bhfuil cúrsaí aimsire ag athrú agus an domhan ag éirí te. Deir na heolaithe go mbeidh athruithe móra le feiceáil ar an aimsir agus ar na séasúir go luath. Bhí an samhradh an-fhliuch in Éirinn in 2007 agus in 2008, agus ní raibh samhradh na bliana seo caite ró-iontach ach oiread. Déantar dochar do gach duine nuair a bhíonn drochaimsir againn sa samhradh. Téann níos mó daoine as Éirinn ar laethanta saoire thar lear, rud nach gcabhraíonn le cúrsaí eacnamaíochta sa tír seo; scriosann báisteach throm an féar, an mhóin agus barra an fhómhair agus bíonn na feirmeoirí cráite míshásta.

**3**. Is iontach an rud é gur féidir leis an gcuid is mó de na daoine sa tír seo uisce glan fionnuar a fháil saor in aisce nuair a chasann siad an sconna sa teach. Agus tá an t-uisce thart orainn i ngach cuid dár saol. Nuair a thiteann an bháisteach, glanann sí an t-aer. Níonn sí na sráideanna agus na bóithre. Cabhraíonn sí leis an dúlra fás. Is breá le páistí óga súgradh i locháin uisce. Seasann daoine ar dhroichid ag éisteacht le ceol an uisce. Ar an uisce a chaitheann bádóirí agus iascairí an t-am is pléisiúrtha dá saol. Is breá linn locháin agus fuaráin sa ghairdín.

**4.** Ach nuair a thiteann an iomarca báistí bíonn baol ann. Sin an rud a tharla in Éirinn in 2009. Bhí a lán de thalamh na hÉireann faoi uisce. Ó Bhaile Átha Luain go Luimneach bhí bóithre dúnta, agus feirmeacha agus tithe faoi uisce i rith mhí na Samhna agus mhí na Nollag anuraidh. Bhí ar dhaoine bogadh as a dtithe agus cónaí le cairde nó le gaolta. I gCorcaigh, bhris an Laoi amach thar a bruacha agus tharla scrios i gcuid mhór den chathair. Rinneadh damáiste don chóras pumpála agus ní raibh aon seirbhís uisce sna tithe. Uisce gach aon áit agus gan aon bhraon le hól! I gCeatharlach, tá eastát nua tithe ann a tógadh in áit ina mbíodh tuilte agus uisce go minic na blianta ó shin. Bhí na tithe sin faoi uisce freisin anuraidh. I nGaillimh, bhí an t-uisce salach dhá shamhradh ó shin agus bhí muintir na háite ag brath ar bhuidéil uisce. An iomarca uisce in áit amháin agus ganntanas in áit eile. Tá an baol ann go dtarlóidh sin níos minice sna blianta atá romhainn.

**5.** Tá gá le pleanáil don todhchaí. Ní mór na rialacha maidir le tógáil tithe a chur i bhfeidhm go docht. Caithfimid píopaí uisce na tíre a dheisiú; tá suas le 30% den uisce iontu ag dul amú. Caithfimid tosú ar uisce a stóráil i mbairillí nuair a thiteann sé ón spéir agus é a úsáid don níochán agus don leithreas. Cuirfidh an Rialtas méadar uisce i ngach teach go luath. Is ansin, b'fhéidir, a thuigfimid an luach atá ar an uisce. Smaoinigh ar an seanfhocal: Ní aireoidh tú uait an t-uisce nó go dtriomóidh an tobar.



**1.** (a) Luaigh grúpa **amháin** daoine a chuireann spéis san aimsir. (Alt 1)
(b) Cén toradh a bheadh ar aimsir thirim a leanfadh ar feadh i bhfad? (Alt 1) — 10 marc

**2.** (a) Luaigh rud **amháin** a thaispeánann go bhfuil an aimsir ag athrú. (Alt 2)
(b) Cén dochar a dhéanann drochaimsir sa samhradh in Éirinn? (Alt 2) — 10 marc

**3.** (a) Luaigh rud maith **amháin** a dhéanann an bháisteach. (Alt 3)
(b) Is maith le daoine uisce. Tabhair sampla **amháin**. (Alt 3) — 10 marc

**4.** Luaigh **dhá** dhrochrud a bhain leis an aimsir in Éirinn in 2009. (Alt 4) — 10 marc

**5.** Luaigh **dhá** athrú a chaithfimid a dhéanamh sna blianta atá ag teacht. (Alt 5) — 10 marc

**B – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Craoladh Digiteach – Todhchaí an Raidió Gaeilge?

**1** Tá eolas ag pobal na Gaeilge ar Raidió na Gaeltachta a bhíonn ag craoladh ar fud na tire ar fad. Tá Raidió na Life ar fáil i mBaile Átha Cliath agus Raidió Fáilte i mBéal Feirste. I rith mhí an Mhárta anuraidh bhí stáisiún nua Gaeilge don aos óg ag craoladh den chéad uair ar fud na gceithre chathair is mó i bPoblacht na hÉireann: Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh agus Luimneach. Raidió Rí-Rá an t-ainm a bhí ar an stáisiún raidió nua agus ba chomhthionscadal é idir Conradh na Gaeilge agus an comhlacht *Digital Audio Productions*. Bhí sé ar fáil ar feadh bliana roimhe sin ach ar an ngréasán domhanda amháin a bhí sé ar fáil.

**2** Fuair an raidió seo ceadúnas sealadach ó Choimisiún Craolacháin Éireann le dul ar na haerthonnta FM i gcathracha móra na hÉireann le linn Sheachtain na Gaeilge. Popcheol agus ceol as na cairteacha, as Béarla agus as Gaeilge, a bhí le cloisteáil ar an stáisiún. Ní raibh mórán difríochta idir an stáisiún nua seo agus stáisiúin eile ar nós Today FM nó Spin 103.8 nó RTÉ 2FM ach amháin gur Gaeilge ar fad a bhí in úsáid ag na láithreoirí óga beoga.

**3** Ba iad Scott de Buitléir agus Aoife Ní Ghlaicín-Riain a chuir i láthair an clár "Nocht ag a hOcht" a bhíodh á chraoladh ar maidin ag an deireadh seachtaine. Bhain siad sult agus spraoi as agus ba bhreá leo é a chur i láthair arís am éigin. Toisc an clár seo a bheith ar siúl ar an Satharn agus ar an Domhnach bhí seans ag daoine óga éisteacht leis agus taitneamh a bhaint as mar ní raibh orthu brostú amach ar scoil.



**4** Ach anois agus Rí-Rá imithe ón aer, céard atá ar fáil do Ghaeilgeoirí óga? Tháinig an-chuid teachtaireachtaí chuig Raidió Rí-Rá ó éisteoirí a bhfuil cónaí orthu in áiteanna mar Shasana, an Astráil agus na Stáit Aontaithe. Is léir, mar sin, go raibh daoine ag éisteacht leis an tseirbhís seo ar líne. Níl an raidió ar an idirlíon chomh coitianta in Éirinn agus atá sé i dtíortha mar Mheiriceá ach is cinnte go dtiocfaidh athrú air sin. Tá seantaithí faoin am seo ag an-chuid daoine óga ar an idirlíon. Is cinnte, mar sin, go mbeadh a lán daoine óga sásta éisteacht le stáisiún raidió Gaeilge ar líne.

**5** Tá thart ar sé stáisiún dhigiteacha ag RTÉ anois, ach is annamh a bhíonn an Ghaeilge le cloisteáil ar na stáisiúin sin. Dá ndéanfaí an phleanáil cheart, bheadh Raidió Rí-Rá in ann lucht éisteachta a mhealladh i ndomhan an raidió dhigitigh. Beidh stáisiúin ar nós Spin 103.8, Dublin 98 FM agus Today FM le fáil ar an gcóras ardchaighdeáin digiteach go luath. Bheadh raidió Gaeilge don aos óg in ann dul in iomaíocht leis na stáisiúin sin ach spás a fháil ar an gcóras. Caithfear gníomhú go gasta chun an deis sin a thapú, áfach, agus caithfidh an toil pholaitiúil a bheith ann chun tacú leis an tionscadal. D'éirigh go han-mhaith leis an raidió digiteach sa Bhreatain le blianta beaga anuas. Má éiríonn chomh maith céanna leis anseo, beidh an raidió digiteach ag dul ó neart go neart in Éirinn taobh istigh de chúpla bliain. Seo seans don raidió Gaeilge.



1. Cá raibh Raidió Rí-Rá á chraoladh roimh thús mhí an Mhárta seo caite? (Alt 1) — 10 marc

2. Cén difríocht a bhí idir Raidió Rí-Rá agus stáisiúin ar nós Today FM, Spin 103.8 nó RTÉ 2FM? (Alt 2) — 10 marc

3. Cén fáth a raibh seans ag daoine óga taitneamh a bhaint as an gclár "Nocht ag a hOcht"? (Alt 3) — 10 marc

4. Luaigh na tíortha lasmuigh d'Éirinn ina raibh éisteoirí ag Raidió Rí-Rá. (Alt 4) — 10 marc

5. (a) Cén stáisiún raidió in Éirinn atá ag craoladh ar an gcóras digiteach anois?
   (b) Cad a tharlóidh má éiríonn go maith leis an gcóras digiteach in Éirinn? (Alt 5) — 10 marc

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010**

**GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL**

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA (120 marc)**

**DÉ LUAIN, 14 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA, 4.30 go dtí 5.10**

SCRÚDUIMHIR ☞ 

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

**[Caithfidh do chuid freagraí uile sa Triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.]**

| DON SCRÚDAITHEOIR | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CUID | A | | | B | | | C | | | |
| CEIST | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | IOMLÁN |
| MARC | | | | | | | | | | |

## CUID A

Cloisfidh tú ***trí cinn*** d'fhógraí raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

**FÓGRA A hAON**

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Cén dáta a mbeidh an tsiúlóid ar siúl? | |
| Cén áit a mbeidh an tsiúlóid ar siúl? | |
| Cé mhéad airgid is gá a bhailiú le dul ar an tsiúlóid? | |
| Céard a scaipfear anocht? | |

## FÓGRA A DÓ

1. **(a)** Cén duine a mbeidh an ócáid chuimhneacháin ann ina ómós?

______________________________

**(b)** Cén t-am a mbeidh an teacht le chéile ag tosú?

______________________________

2. **(a)** Cad a eiseoidh Gael Linn ar an ócáid?

______________________________

**(b)** Cén uimhir theileafóin ar cheart glaoch uirthi le heolas a fháil faoin ócáid?

______________________________

## FÓGRA A TRÍ

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Cad atá ag bagairt ar an Aetóip arís? | |
| Cé mhéad bliain ar theip ar an bhfómhar san Aetóip? | |
| Cad atá tosaithe ag Goal cheana féin? | |
| Luaigh rud amháin is gá a chur ar fáil láithreach. | |

# CUID B

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **trí huaire**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina dhá mhír. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

### COMHRÁ A hAON

***An Chéad Mhír***

1. Cá raibh Síle ag an deireadh seachtaine?

______________________________

2. Cé mhéad a d’íoc Síle ar an ticéad?

______________________________

*An Dara Mír*

**1.** Cé a chuaigh le Síle go dtí an áit?

______________________________________________

**2.** Luaigh áis **amháin** a bhí san áit.

______________________________________________

**COMHRÁ A DÓ**

*An Chéad Mhír*

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Cathain a bheidh an Idirbhliain ag tosú sa scoil? | |
| Cá fhad a bheidh Sinéad sa Fhrainc? | |
| Cén fáth a bhfuil sí ag dul go dtí an Fhrainc? | |
| Cé eile a chuaigh go dtí an Fhrainc cúpla bliain ó shin? | |

*An Dara Mír*

**1.** Cén cúrsa a dhéanfaidh Pól le linn na hIdirbhliana?

______________________________________________

**2.** Luaigh ábhar **amháin** a dhéanfaidh Sinéad dá céim in Ollscoil Luimnigh.

______________________________________________

**COMHRÁ A TRÍ**

*An Chéad Mhír*

**1.** Cé dóibh na hirisí a bhfuil Eoin ag caint fúthu anseo?

______________________________________________

**2.** Cén fáth nach mbeadh suim ag foilsitheoir in iris Ghaeilge-Bhéarla a chur i gcló, dar le hEoin?

______________________________________________

*An Dara Mír*

**1.** Luaigh cineál **amháin** ailt a bheadh in iris Ghaeilge-Bhéarla, dar le Máire.

___

**2.** Cad a deir Eoin faoin nuachtán *Foinse.*

___

# CUID C

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de phíosaí raidió/teilifíse sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó.** Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

**PÍOSA A hAON**

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

| | |
|---|---|
| Cé mhéad airgid a bhuaigh Crib na nÓg? | |
| Cén stáisiún raidió a bhfuil an clár *Súil Aniar* air? | |
| Cén duine a bhronn an duais ar Chrib na nÓg? | |
| Cad iad na comórtais a chuirfidh *Súil Aniar* ar siúl amach anseo? | |

**PÍOSA A DÓ**

**1.** Cén chathair ina bhfuil an siopa Pagan?

___

**2.** Luaigh rud **amháin** atá ar díol sa siopa.

___

**PÍOSA A TRÍ**

**1.** Cén bhliain ar cuireadh tús le scéim na scoláireachtaí cónaithe?

___

**2.** Cad a bheidh ar fáil saor in aisce ag na mic léinn?

___